**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* WY

*Cosantóir:* Steiermärkische Landesregierung

**An chuid oibríochtúil**

Is follas nach bhfuil dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun an cheist arna tharchur ag Landesverwaltungsgericht Steiermark (Cúirt Réigiúnach Riaracháin, Steiermark, an Ostair) a fhreagairt, le cinneadh an 3 Feabhra 2021.

---

([1]) IO C 148 an 26.04.2021

---

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 16 Bealtaine 2022 (Iarraidh ar réamhrialú ón Landgericht Köln – an Ghearmáin) – RV**

**(Cás C-724/21)** ([1])

***(Iarraidh ar réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Saoránacht an Aontais – Airteagal 21 CFAE – Gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse i gcríocha na mBallstát – Cion coiriúil a dhíríonn go sonrach ar fhuadach idirnáisiúnta mionaoiseach – Srianadh – Cosaint leanaí – Comhréireacht)***

(2022/C 266/10)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Köln

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Cosantóir:* RV

*I láthair:* Staatsanwaltschaft Köln

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 21 CFAE a léiriú sa chaoi gur cosc é ar reachtaíocht Ballstát lenar féidir pionós coiriúil a ghearradh ar bhaint linbh ag tuismitheoir ón gcaomhnóir, a bhfuil an ceart dílsithe don chaomhnóir sin áit chónaithe an linbh a chinneadh, d'fhonn an leanbh a thabhairt thar lear, fiú amháin mura mbaintear úsáid as foréigean, as bagairt díobhála thromchúisí nó as calaois, ach, nuair atá an leanbh i gcríoch an chéad Bhallstát, nach ngabhann pionós leis an ngníomh céanna sin ach amháin i gcás go mbaintear úsáid as foréigean, as bagairt díobhála thromchúisí nó as calaois.

---

([1]) Dáta an taiscthe: 30 Samhain 2021

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal da Relação de Lisboa (an Phortaingéil) a taisceadh an 17 Márta 2022 – Super Bock Bebidas, S.A., AN, BQ v Autoridade da Concorrência**

**(Cás C-211/22)**

(2022/C 266/11)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal da Relação de Lisboa

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Super Bock Bebidas, S.A., AN, BQ

*Cosantóir:* Autoridade da Concorrência

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) An sárú mar gheall ar chuspóir é socrú íosphraghsanna ingearach ina aonar, nach gá réamhanailís a dhéanamh ar leibhéal leordhóthanachta dhíobháil an chomhaontaithe?

2) D'fhonn a shuíomh go bhfuil eilimint an "chomhaontaithe" den sárú trí íosphraghsanna a shocrú (faoi thost) do dháileoirí, an gá sa chás sonrach a chruthú gur chuir na dáileoirí na praghsanna seasta i bhfeidhm i ndáiríre, go háirithe le fianaise dhíreach?

3) An bhfuil a dhóthain gné sa mhéid seo chun a mheas go ndearnadh sárú (faoi thost) trí íosphraghsanna a shocrú do dháileoirí: (i) seoladh liostaí ina bhfuil íosphraghsanna agus lamhálacha dáileacháin; (ii) iarratas ó dháileoirí ar fhaisnéis faoi phraghsanna díolacháin; (iii) gearáin ó dháileoirí (i gcás go measann siad go bhfuil na praghsanna athdhíola a fhorchuirtear orthu neamhiomaíoch nó nuair a thagann siad ar an tuairim nach léiríonn dáileoirí iomaíocha urraim orthu); (iv) sásraí faireacháin praghsanna a bheith ann (an modh is éasca); agus (v) bearta frithbheartaíochta a bheith ann (gan chruthúnas gur cuireadh chun feidhme i ndáiríre iad)?

4) I bhfianaise Airteagal 101(1)(a) den CFAE, Airteagal 4(a) de Rialachán Uimh. 330/2010 [1] de Threoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le srianta ingearacha agus chásdlí an Aontais, an féidir a thoimhdiú go ndéanfaidh comhaontú idir soláthróir agus a dháileoirí lena socraítear (go hingearach) íosphraghsanna agus coinníollacha tráchtála eile is infheidhme maidir le hathdhíol dochar leordhóthanach don iomaíocht, gan dochar don anailís ar na héifeachtaí eacnamaíocha dearfacha a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcleachtas a luadh, de réir bhrí Airteagal 101(3) CFAE?

5) An bhfuil cinneadh breithiúnach i gcomhoiriúnacht le hAirteagal 101(1)(a) CFAE agus le cásdlí an Aontais Eorpaigh, lena gcinntear gurb ann do ghné "an chomhaontais" de shórt oibiachtúil idir sholáthróir agus dáileoirí ar na boinn seo a leanas:

i) socrú agus forchur, ag an gcéad cheann acu thuas ar an dara ceann, go rialta agus go forleathan agus gan athruithe le linn tréimhse an chleachtais, na gcoinníollacha tráchtála a gcaithfeadh siadsan cloí leo agus na táirgí a fhaigheann siad ón soláthróir á ndíol acu, go háirithe na praghsanna a ghearrann siad ar a gcustaiméirí, go príomha maidir le híosphraghsanna nó mean-íosphraghsanna;

ii) tuairisciú na bpraghsanna athdhíola arna bhforchur, ó bhéal nó i scríbhinn (trí mheán an ríomhphoist);

iii) easpa inniúlachta na ndáileoirí a bpraghsanna athdhíola a shocrú go neamhspleách;

iv) an cleachtas rialta agus forleathan lena n-iarrann fostaithe an soláthróra (le linn comhrá teileafóin nó tul i dtul) ar na dáileoirí cloí leis na praghsanna a sonraíodh;

v) Comhlíonadh na ndáileoirí leis na praghsanna athdhíola arna socrú ag an soláthróir (cé is moite de chorr-easaontas) agus an dearbhú go bhfuil iompar an dáileora ar an margadh i gcomhoiriúint leis téarmaí arna socrú ag an soláthróir.

vi) an fíoras féin gur minic do dháileoirí, ionas nach sárófaí na téarmaí a socraíodh, iarraidh ar an soláthróir praghsanna athdhíola a chur in iúl;

vii) an dearbhú go ndéanann dáileoirí gearán go minic faoi phraghsanna an tsoláthróra seachas díreach praghsanna eile a ghearradh;

viii) socrú corrlaigh dáileacháin (ísle) ag an soláthraí agus an toimhde na ndáileoirí go gcomhfhreagraíonn na corrlaigh sin do leibhéal luach saothair a ngnó;

ix) an dearbhú go bhforchuireann an soláthróir, trí chorrlaigh ísle a fhorchur, íosphraghas athdhíola faoi phian go mbeadh caillteanas corrlach comhlán ann;

x) an polasaí lascaine a dheonú do dháileoirí bunaithe ar na praghsanna athdhíola arna ngearradh acu i ndáiríre — arbh é an t-íosphraghas a shocraigh an soláthróir roimhe seo an leibhéal athsholáthair in "*sell out*"—;

xi) an riachtanas atá ann – go minic, ag féachaint don chaillteanas corrlach comhlán – go gcloífeadh na dáileoirí leis na leibhéil praghsanna athdhíola arna bhforchur ag an soláthróir; ní tharlaíonn cleachtas na bpraghsanna athdhíola ní ba ísle ach i ndálaí fíor-shainiúla agus nuair a iarrann dáileoirí lascaine "*sell* out" eile ón soláthróir;

xii) an socrú, ag an soláthróir, agus an comhlíonadh á dhéanamh ag na dáileoirí, i dtaobh na huaslascainí a chaithfear a chur i bhfeidhm ar na custaiméirí acu, rud a chuireann bonn faoi íosphraghas athdhíola, faoi phian an chaillteanais corrlaigh chomhlán;

xiii) teagmháil dhíreach an soláthróra le custaiméirí an dáileora agus socrú na gcoinníollacha athdhíola a forcuireadh orthu ina dhaidh sin;

xiv) idirghabháil an tsoláthraí, ar thionscnamh ó na dáileoirí, sa chiall go gcinnfidh an soláthróir lascainí tráchtála áirithe a chur i bhfeidhm nó go ndéanann sé ath-idirbheartaíocht ar na coinníollacha tráchtála athdhíola; agus

xv) iarratas ó na dáileoirí chuig an soláthraí chun go bhféadfar idirbheart áirithe a dhéanamh faoi choinníollacha áirithe chun a gcorrlach dáileacháin a áirithiú?

6) An féidir le comhaontú íosphraghsanna athdhíola den sórt sin a chumhdaíonn an chríoch náisiúnta iomlán nach mór, tionchar a imirt ar thrádáil idir Ballstáit?

(1) Rialachán (AE) Uimh. 330/2010 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtas comhbheartaithe (IO L 102, 23.4.2010, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo (an Phortaingéil) arna taisceadh an 22 Márta 2022 – Instituto de Financiamento de Agricultura e Pescas, IP v CS**

**(Cás C-213/22)**

(2022/C 266/12)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Supremo Tribunal Administrativo

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Instituto de Financiamento de Agricultura e Pescas, IP

*Cosantóir:* CS

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An bhféadtar aisíoc na gcostas cothabhála agus na bpréimheanna le haghaidh caillteanas ioncaim dá bhforáiltear, faoi seach, in Airteagal 3(b) agus (c) de Rialachán Uimh. 2080/92 [1] an 30 Meitheamh 1992 a cheangal nuair a chruthaíonn an tairbhí nár comhlíonadh na coinníollacha foraoisithe a éilítear leis an gclár cabhrach náisiúnta ar chúiseanna nach raibh smacht aige orthu agus go ndearna sé gach iarracht iad a chomhlíonadh?